

LITIR SHASANA

AS breathnú SIAR

Dónall Mac Amhlaibh

DIA LUAIN 12-10-1959

Go Old Kingsthorpe ar maidin; tá ceithre céad slat de cábla le chur síos annsin againn. Chuaigh mé ar an mbus có fada leis an Cock Hotel agus shiúl mé an chuid eile den bhealach annsin, síos bóithrín beag cúng; ar fea scathaimh mhaith ní rabh tada le'n innseacht dom nach í an bhliain 1859 a bhí ann ag-am i leaba 1959, le'n a raibh de thithe cheann tuí agus de na tithe árd-bhinne údán den gcineál a dtugtar Georgian orthu, ar 'chaon taobh dhíom. Baile beag aistí fhéin a bhí i gKingsthorpe sul má leath an baile mór amach chuici agus tá bheug nó a mhór den chosúlacht sin uirrí i gcónaí. Tá sean Eaglais ann; tá faithe ann: tá sean-tabhairne ceann tuí ann; ach ó thuaidh den tseanbhaile tá raidhse de na bungalo's nua údán agus a gcuid cranna telefise ag milleadh líne na spéire.

An é seo an éiric a bhainfear dhinn as ucht racmais agus dul 'un chinn na h-aoise seo—na daoine a bheith ag éirí níos chosúlaí le chéile, i mbéasa, i dtréithe agus i ndearcadh; 'chuile líon tí ag suí thart ar an dteifis 'chuile oíche den tseachtain ag éisteacht leis an raiméis céudhna? Na aghaidhthe straoisiúla ceudh-na ag gáire leo agus na glórthaí míne céudhna ag síor innseacht dhóibh go bí an cineál seo gallaoirigh an t-uas-phoinnte gcúmhacht agus in éifeacht; nó go b'é a leithéide seo de phúdar níoch-áin an t-aon chineál gur fiú duit do chuid airgead a chaitheamh air. Na ranna beaga leibideacha ceadhna oíche in dhiaidh a chéile ag síor-mholadh an earra seo nó an earra siúd nó go mbíonn na daoine mí-ádhmharacha seo ag imtheacht thart in gan fhios dhóibh fhéin ag por-taireacht ós íseal: "You'll wonder where the yellow went, when you brush your teeth with Pepsodent!" Má's shin é toradh an (dul 'un chinn?) agus an racmais seo is ar éigin ar fiú é, dár liom. Buíochas le Dia, ar chaoi ar bith, nár éirigh le lucht na bhFógraí a gcrúba a leagaint ar an gCórás Telefise seo tá le bheith in Éirinn. Sin í an fhaidhb, ár ndó — a rogha féin a thúirt do na daoine agus san am gceadhna iad a ghríosadh is a spreagadh le spéis a chur i rudaí

fiúntacha agus druim láimhe a thúirt don driodar. Ní dhéanfar ach le foighid is le tuiscin é.

DIA MAIRT, 13-10-1959.

Maidin breá arís inniu ar éirí dhom; is cosúil nach bhfuil deire ar bith leis an tsoineann. An de thimpist nó de chuspóir a bhréathnuíonn sean Eaglaiseachaí agus sean títhe iarann-chloch na tíre seo comh feilteach don áit 'na dtimpeall? Mhairfinn ag bréathnú ar Eaglais Kings-thorpe agus d'fheicfinn áil-neacht i gcónaí ann ach tá cuid de na foirgintí nua seo agus níor mhaith leat bhréathnú faoi dhó orthu. Is beag sean-fhoirgnintí tá in Éirinn le h-ais mar tá sa tír seo, théis is go gceapfadh muid a mhalairt ar fad nuair a bhí muid ag teacht aníos, agus an rud tá sean in Éirinn bréathnuíonn sé uaig-neach, scriosta; ach teagann sean-fhothrachaí agus sean-fhoirgnintí Shasana seo thar chionn don áit ina dtimpeall. Níl aon cheann de na roiligi seo faoi scáth an tí phobail nach bhféadfá Gray a shamhailt duit féin ann le teacht na h-oíche 'sé ag sú isteach in a intinn na mion-glórthaí agus na radharcanaí sin a spreag an Elegy a scríobh níos fuide anonn ina shaoil. Is furasta aithne gur Cine iad na Sasanaigh a bhí saor ó chianta, mar tá sprid an t-saoránaigh go tréan ionnta agus caoimhnuíonn siad gach dá bhféadann siad de iarsmaí an tsean tsaoil. Tá daoine go leor i gCill Choinnigh ar mhaith leo go leagfaí an Tholsel — an taon rud amháin a cuireann slacht ar an tsráid mhór — le go mbeadh tuille shlí ag carrannaí. Dá mba annseo a bheudh sí ní bheudh éinne ag bagairt ar an tsean bhiildeáil ársa sin, ach déunfaí an bóthar níos leithine nó chinntí ar réid-teach eicint eile mar é. Agus ina dhiaidh sin is ins na daoine seo, agus ní ionainne, tá an dul 'un chinn. Chaith mé tamall ag caint le sheanfhear beag deas a rabh aneolas aige faoi Eaglas Kingsthorpe inniu. Dúirt sé liom gur thart faoin mbliain 1066 nó mar sin a tóigeadh í agus go bhfuil sí ar cheann de na thithe phobail is sine i Northampton. Annsin, nuair a thrácht mé fhéin ar chomh fairsing is tá sean Eaglaiseachaí agus foirgintí eile sa gconndae seo, ar seisean:— "Yes; we were always very

lucky around here. When old Henry the Eighth started muckin' 'em about we were on 'is side and then when old Cromwell started muckin' 'em about we were on 'is side."

DIARDAOIN 22-10-1959

Maidin breá gréine ach í fuar go maith. Thóg mé go réidh é ag dul chuig an obair arae bhí barrúil a'm nach mbeadh aon duine acu ann ró-lua nuair nach rabh orthu a gcártaí a tholladh ar maidin. Annsin nuair a thosaigh muid ag obair b'éigean dúinn na mílte bhrící a thúirt as an mbealach sul má d'fhéad muid tosú ar an dtrínnse. Bainim an-cheart de Murphy ach sháruigh Ginger sin gach dá bhfaca mé riamh le leisciúlacht is le doibrántacht. Ach chaitheá cion a bheith a'd air ina dhiaidh sin mar tá bealach deas lách ag baint leis. An fear bocht, níl sé ach ag strachadh leis an saol mar tá sé fhéin agus a bhean scartha ó chéile agus bíonn air trí phunt sa tseachtain a íoc léi fhéin agus an páiste. Is gearr ó chaith sé trí mhí sa bpríos-ún thíos i mBedford áit a rabh sé chun deire leis an t-airgead agus ar cuma eicint sílim nár mhiste leis a dhul ann arís ar fea téarma eile. "Ní rabh chaill ar bith ar bhealach air," ar seisean inniu liom is é ar cur síos ar an bpríosún. "Bhí do sháith pluideannaí le chur ós do chionn sa leaba agus má bhí an bheatha rud beag tur, bhí neart agus fuíolleach dí ann."

Ach séard é tá bobarúin eile sin, Dave, duine nach bhféadfá bheith ceannúil air. Tá sé de shíor ag iarraidh dalladh mullóg a chur ar dhaoine agus tá muineál air tá có chruai le carraig. Is maith leis a leigin air fhéin gur fear mór mhná a bhí ann sul má phós sé agus sháruigh sé Casanova le'n a rinne sé de chúirtéireacht, más fhíor dó fhéin é. Is maith leis a cur 'na luí ort go bhfuil aithne aige ar mórán chuile bhean a théigheanns thar bhráid agus tá cleas beag páistiuil aige le'n é sin a dhéanamh. Leigfidh sé bean bhreá dathúil eicint thart gan smid ar bith a rá léi, ach annsin nuair a bhéas sí goitte cúpla slat uaidh, déarfadh sé mar seo i gcogar stáitse leis fhéin:

"Ó, a Janet" (nó a May, nó a Averil, nó a Kate — is cuma leis eadtorra mar tá sé thar chion ag cumadh ainmneacha) "is tú a d'athruigh ó chonnaic mise cheana thú. Níor chreid mé go gcaillfeá do shlua có lua sin in do shaoil!"

Dá mbeadh sé de dí-chéillí ionnat a fhiafraí de a rabh aithne aige ar an mbean, déarfadh sé mar seo leat:

"Aithne? Abair go rabh: bhí sí sin tamall agus ní thiúirfeadh sí scíth na suaimehneas dom ach í de'm leanacht timpeall 'chuile áit."

Déanfadh sé leamh - gáire beag tarcuisniúil annsin amháil is dá mbeadh seanchleachta aige ar mhná áilne mar sin bheith ag rith ina dhiaidh. Cé'n cás ach ní mórán lad ar bith a d'fheicfeá tá có ghránndha leis. Nó béidir go h'shin tá faoi ndear é bheith mar sin.

Ach rinne sé botúin mór an lá cheana mar gur thug sé "Diana" ar chailín deas óg a chuaigh thart nuair a bhí

Do lucht foghlamtha theangacha

ECOUTER ET PARLER

Na húdair — Coté, Levy, O'Connor
Eagarthóir Gaeilge — C. Ó Huallacháin, O.F.M.
375 lch. 8/-

VERSTEHEN UND SPRECHEN

Na húdair — Rehder, Thomas, Twadell, O'Connor
Eagarthóir Gaeilge — C. Ó Huallacháin, O.F.M.
363 lch. 8/-

TEIPEANNA

Tá téipeanna agus ceirníní don dá leabhar ar fáil. Tá siad ceadaithe ireisin faoin scéim chun deontais a íoc i leith soláthar gléasra mar chabhair do mhúineadh nua - theangacha i meánscóileanna aitheanta

FOILSEACHÁIN RIALTAIS

STUARA ARD-OIFIG AN PHOIST

BAILE ÁTHA CLIATH.

nuair a bhí na Dúnaib

D'éas Seán de bhoise. AS Carrais Airt, AR AN 13ú INST., agus bí an tórram go reitig umlaí mórán an dípreann Mall anseo de Domnaigh. Bí an bhoisead os cionn na gceitire scór bliain—agus tá combrón na paróiste á tabairt dá baintreac (de élaínn mhic Briartaí) iar-O.S., ar an Tulac Deas, agus oon teaglac: páorais agus Colm, insan mór-shíopa ar an baile (an beirt mac) agus oo mhaire bean mhúis mhic Suibne, O.S., i leifear (an nion) agus oo teaglac an trír seo — mar aon le Séamus de bhoise, as Cranford, deartáir oon té atá faoi na póio. fear éirimíúil, cairdiúil, cineálta ab' ea an bhoisead agus a donac sin air i noiread a saoil 's a laetanta: tá dá foirgneam — Super-mar-gaó dá scóir agus síopa poitig-eireaceta nua-aimsearta ar sráio mór an baile paona slóinne-sean inniu.

Tá carr-páirc nua curta suas trasna an bealaigh-móir as Oiar-múio Breathnac, ar leis an 'Carr-rigart Hotel'. Is cuidiú maí é oon Sarda a bhíil ar an tráct-bócair as an cúinne cúng seo a stiúrao. Tá raobarca com hálainn agus ceopá in Éirinn le peiceáil anois tar camas na Maoile Rua, síos fao leis an maon mhóir i trasna ionsair sléibteáin fán-áioe eall. Ac trua go bhíil ceataí á cur ar an amarc aoih-inn seo as sean-scioból, os cionn garáiste, i gcúl oipis-an-poist. O'féarfaí aroio an árais a istió agus an t-ácar urláir a déanamh combhéisead le mar atá faoi láe-air.

Páilte eun an baile roim beirt deoraí as Meiriceá, nac raib in Éirinn le corraó agus oeic mbliana, mar tá: Máireao, Bean Seosaim Retacco (de tóg-áil an Siasáin agus i pósta i bphileaeoetria le scór go leir bliam). Tá sí as caiteamh tréimise

muid stopaithe ag na soillsí mhóthair amach ar aghaidh an Savoy.

"Cé'n t-ainm tá uirrí sin, deir tú?" arsa duine de na lads leis.

"Diana," arsa Dave agus meanga leitheadach air.

"By dad, is ait liom é sin," arsa mo dhuine, "mar is í mo dhríofúir i agus níor chuala mise riamh uirri ach Joan."

Scairt muid uilig ag gáire, lán a leorrai dhúinn, agus bhí Dave le cheangailt. Is diabh-laí-an phleóta é, cinnte, agus níl aon bhaol nach eadh.

Dónall Mac Amhlaigh.

míosa as a deartáir, Dónall Deas Ó Doicartaigh, agus as an oeirpiúr, Máire, óis an éla-o-ais ins na Dúnaib.

Bain páorais Seon páioí ó Siail, as an Áro Bán, bain sé an céao ouais in Éirinn uilig i gcomórtas seálaioeeta as an Oireacetas i mbaile áta Cliac-tart pá 1946 nó 1947 — agus ba é an scéal a buaig an éraob dó, ar an ócáo sin: "An Préata mór" (ar glac sé trí céao fear trí céao lá ar trí óréimire deas ar píceao le scointeáin a déan-am den 'monster' sin). Ac níl an préata, ceann de éine na gCerr's Pines", a bain Séamus de bhoise — fear an barra i noeoelann Óstáin Carrais Airt —níl sé baol ar beir eom coir-teac leis an tiúbair éagsúil sin a o'pás ar maicairí méite léitea-dac an Áro Bán lá oen tsaoil... cé nac b'pactas ariamh é. Ac conacetas an préata mór a bain an bhoisead ar an tseacétain seo a éuaig tart—agus tioneatig sé na seálaí—meá as an dá punca agus aon unsa deas.

Cáinig scoileanna an ceantain seo amac as an comórtas oo scoláireaceta eúig mblián saor faoin scéim oioeacais roir-meánaig a bí ar siúl as Comair-te Connocae Oún na nSall pá Cáise. Imeasc na mbuaiteoirí, tá 1, S.N. na Duiblinne Ria (Enoa Mac an Báiro, p.O.) — Seán C. Mac Siolla Úríoe, mac de Donn-éa agus de Bean mhic Siolla Úríoe, as baile na nSallóglac; 2, S.N. Ooire an Casáin (Seac mhac Páioin, p.O.) — Róisín ní Ceallaig, iníon oen Or. O. S. Ó Ceallaig agus dá innaoi-céite, as na Dúnaib. 3, S.N. na Maotná (Míceál Mac Aoió, p.O.) — Dónall Mac Siolla Úríoe, mac de Séamus Anna mhic Siolla Úríoe agus dá manoi-céite, as an éluam tsalac... agus, posta, Míceál Mac Comaitl, mac de Donall agus de Bean mhic Comaitl, as Raptac.

Is mór an t-ábar iontas as dúnao na Saetaceta é; gur teip insan Saetge - labarta ar buine oen beirt éainteoirí oúe-ais seo a fuair mórán onórac in-san dá scrúoú... as siocair, de réir cuma, nár eúig an stráms-éir de éigire, a cumeao anuas anseo go seataoac, nár eúig sé Saetge Tír Conaitl — nó iao-san é.

Tá seála tagta eúgaim ar an bomaite deireanae. Gur éirig le dooan mhac Páioin, mac de Seán, O.S., agus dá innaoi céite, léargán Riad, scoláireaceta eúig mblián (faoi scéim na Saetaceta) a baint amac as S.N. Ooire Casáin.

C
E
O
L
G
A
E
L
A
C
H

An Gúm

Uailghuth an Aoibhnis	Eamán de Regge	1/-
Ceol Sinsearach don Chruit	Eamonn Ó Gallchobhair	2/-
Ní Chuirfinnse Féin	Liam de Noraidh	1/6
Casadh Cam na Feadannaí	Réamonn Ó Frighil	3/-
Déirin Dé	Breandán Ó Baoighill	1/6
Bí Meidhreach, a Bhanba Proinsias Ó Ceallaigh		3/-
CEOL RINCE NA hÉIREANN		
	Breandán Breathnach	12/6
214 fonn. Brollach, gluais, notaí spéisiúla. Malairt leagain ar teidil na bhfonn.		
SCÁLAÍ agus AIRPÉITSÍ		
	Aíne Nic Thighearna	5/-
cagrán nua.		

FOILSEACHÁIN RIALTAIS

Stuara Ard-Oifig an Phoist,

Baile Átha Cliath.